

# **Gradam Shean-Nós Cois Life**

## **8pm Satharn 02 Aibreán 2022**

**Club na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1**



### **Gradam Shean-Nós Cois Life 2020 agus 2021**

De bharr treoirlínte a bhain le COVID-19, bronnadh **Gradam Shean-Nós Cois Life 2020** ar an amhránaí dúchasach **Seosamh Ó Críodáin** go fíorúil amháin ar an Satharn, 27 Meitheamh 2020 agus ar na cúiseanna céanna bronnadh **Gradam Shean-Nós Cois Life 2021** go fíorúil amháin freisin ar an bpobal amhránaíochta ‘An Góilín’ ar an Satharn 17 Aibreán 2021.

Is cúis áthais dúinn mar sin a bheith in ann a fhogairt go mbeidh ceiliúradh ceart againn i mbliana ar an dá ghradam sin beo beathaíoch!

Bronnfar

**Gradam Shean-Nós Cois Life 2020** ar an amhránaí dúchasach **Seosamh Ó Críodáin**  
agus

**Gradam Shean-Nós Cois Life 2021** ar an bpobal amhránaíochta ‘An Góilín’  
beo beathaíoch le linn

**Seisiún mór amhránaíochta ceoil agus craic ar an Satharn 02 Aibreán 2022**

**i gClub na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1**  
**ag tosú ag 8pm.**

Fáilte roimh chách chuig an gceiliúradh seo áit a mbeidh seans agat cúpla amhrán a chasadh agus/nó cúpla tiúin a sheinm inár dteannta!

(Faoi réir pé srianta Covid atá i bhfeidhm ag an am sin.)

**Bronnfar Gradam Shean-Nós Cois Life 2022 ag ócáid eile níos déanaí in 2022.**

## **Seosamh Ó Críodáin - Gradam Shean-Nós Cois Life 2020**

Is tréith lárnach thábhachtach í de chultúr na hamhránaíochta dúchasaí in Éirinn go gcuireann an t-amhránaí aonair áilleacht an chultúir sin i láthair dá p(h)obal. Ach is fíor freisin go ndéanann cuid de na hiompróirí cultúir sin, iarracht speisialta saibhreas an chultúir sin atá acu féin a fhorbairt agus a sheachadadh do dhaoine eile, go speisialta do dhaoine óga.

Is duine den saghas sin é an t-amhránaí dúchasach Seosamh Ó Críodáin. Is mar aitheantas agus mar chomhartha ómóis don ghné sin dá chuid ealaíne go speisialta a bhronnatar Gradam Shean-Nós Cois Life 2020 air.

## **An Góilín - Gradam Shean-Nós Cois Life 2021**

Is in 1992 a bunaíodh an fhéile Sean-Nós Cois Life agus in 2022 beidh an 31ú féile á ceiliúradh againn. Ón gcéad fhéile a bhí againn in 1992 agus ó shin i leith tá an pobal amhránaíochta ‘An Góilín’ ag tabhairt tacaíocht dhílis d’fhéile Shean-Nós Cois Life agus ag comhoibriú linn chun amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge a chur chun cinn. Go deimhin fhéin tá ‘An Góilín’ ag spreagadh amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge ó bunaíodh é fhéin in 1979.

Is mar aitheantas agus mar chomhartha ómóis agus buíochais don ghné sin dá chleachtas ealaíne pobail go speisialta a bhronnatar Gradam Shean-Nós Cois Life 2021 ar ‘An Góilín’.

**Bronntar Gradam Shean-Nós Cois Life gach bliain ar dhuine nó ar dhaoine a meastar go bhfuil saibhriú faoi leith déanta acu ar amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge thar na blianta.**

**Is féidir an t-eolas seo a scaipeadh am ar bith. Níl sé faoi réir embargo.**

Tuilleadh eolais: [www.seannos.ie](http://www.seannos.ie)

[sncl2009@gmail.com](mailto:sncl2009@gmail.com)

**Le tacaíocht ó**



**An Góilín**



ENGLISH VERSION BELOW:

## **Gradam Shean-Nós Cois Life**

**8pm Saturday 02 April 2022**

The Teachers' Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1



### **Gradam Shean-Nós Cois Life 2020 agus 2021**

Due to COVID-19 restrictions, it was only possible to present virtually the **Sean-Nós Cois Life 2020 Award** to the traditional singer **Seosamh Ó Críodáin**, in June 2020. For the same reasons it was again only possible to present virtually the **Gradam Shean-Nós Cois Life 2021 Award** to 'An Góilín' traditional singers community in April 2021.

We are delighted so to announce that we will this year properly celebrate both these awards **LIVE AND IN PERSON!**

**Gradam Shean-Nós Cois Life 2020** will be presented live to the traditional singer  
**Seosamh Ó Críodáin**

and

**Gradam Shean-Nós Cois Life 2021** will be presented live to the traditional singers community known as '**An Góilín'**

during an open

**Session of traditional song, music and all-round fun on Saturday 02 April 2022**

**in The Teachers's Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1**

**starting at 8pm.**

Everybody is welcome to join in this celebration where you will have a chance to sing or listen to a couple of traditional songs and listen to or play a few tunes!

(In line with any Covid restrictions in place at that time.)

**The Sean-Nós Cois Life 2022 Award will be presented at another occasion later in 2022.**

## **Seosamh Ó Críodáin - Gradam Shean-Nós Cois Life 2020**

*An important aspect of traditional singing in Ireland is that the singer presents the inherent beauty of this culture mainly as a solo singer within his/her own community. But another vitally important aspect of the tradition is that some tradition bearers make special efforts to ensure that the beauty of this culture is developed and passed on to others within their community, especially to younger generations.*

*Seosamh Ó Críodáin is one such tradition bearer. It is in recognition and appreciation of this particular aspect of his art that the Gradam Shean-Nós Cois Life 2020 award is presented to him.*

## **An Góilín - Gradam Shean-Nós Cois Life 2021**

*The Sean-Nós Cois Life festival was founded in 1992 and 2022 sees us celebrate our 31st festival. From 1992 to the present moment the community of traditional singers known as 'An Góilín' has given unflinching support to the Sean-Nós Cois Life festival and has worked with us to promote and encourage traditional singing in the Irish language. In fact 'An Góilín' has been encouraging traditional singing in the Irish language since its own inception in 1979.*

*It is in recognition and appreciation of this particular aspect of its community art practice that Gradam Shean-Nós Cois Life 2021 is being presented to 'An Góilín'.*

***The Gradam Shean-Nós Cois Life award is presented each year in recognition of the special contribution made by the recipient(s) to traditional singing in the Irish language.***

**This information is not subject to embargo and may be released at any time.**

For more information:

[www.seannos.ie](http://www.seannos.ie)

sncl2009@gmail.com

**With support from:**



**An Góilín**

